Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9549/22**

**AGRILEG 85**
**PESTICIDE 17**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 19 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D075649/05 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 1,4-dé-mheitiolnaftailéine, 8-hiodrocsacuineoilín, pionocsaideine agus vailifeanaláite i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D075649/05.

Faoi iamh: D075649/05

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/10776/2021
(POOL/E4/2021/10776/10776-EN.docx)
D075649/05
[…](2022) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 1,4-dé-mheitiolnaftailéine, 8-hiodrocsacuineoilín, pionocsaideine agus vailifeanaláite i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 1,4-dé-mheitiolnaftailéine, 8-hiodrocsacuineoilín, pionocsaideine agus vailifeanaláite i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás 1,4-dé-mheitiolnaftailéine, 8-hiodrocsacuineoilín, pionocsaideine agus vailifeanaláite, leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) I gcás 1,4-dé-mheitiolnaftailéine chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim réasúnaithe isteach chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[2]. Mhol an tÚdarás go n-athrófaí an sainmhíniú ar iarmhar le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch. Mheas an tÚdarás, toisc go bhféadfadh 1,4 dé-mheitiolnaftailéin- a bheith ann go nádúrtha i dtáirgí plandaí, go bhféadfadh sé nárbh iomchuí MRLanna a leagan síos le haghaidh táirgí de bhunadh plandaí ag Teorainn an Chinntithe (LOD). Tháinig sé ar an gconclúid nach raibh sonraí faireacháin leordhóthanacha ar fáil le haghaidh táirgí plandaí (seachas prátaí) agus go raibh roinnt faisnéise ar phrátaí agus ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach raibh ar fáil, agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú tuilleadh. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart gach MRL a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Ba cheart MRLanna le haghaidh táirgí de bhunadh plandaí (seachas prátaí) a leagan síos ar bhonn sonraí monatóireachta atá ar fáil faoi láthair. Ba cheart MRLanna le haghaidh prátaí agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a leagan síos ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás. Déanfar gach MRL thuasluaite

---

1 IO L 070, 16.3.2005, lch. 1.

2 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels for 1,4-dimethylnaphthalene according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás 1,4-dé-mheitiolnaftailéine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(5):6597.

a athbhreithniú; cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo.

(3) I gcás 8-hiodrocsacuineoilín chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[3]. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, mar gheall ar shonraí atá ar iarraidh, go bhfuil an measúnú riosca do thomhaltóirí táscach agus, dá bhrí sin, mhol sé gach MRL a leagan síos nó a choinneáil ag an LOD. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart na MRLanna a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(4) I gcás pionocsaideine chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[4]. Tá sé beartaithe an sainmhíniú ar iarmhar a athrú. Mhol sé go laghdófaí na MRLanna le haghaidh eorna, seagail agus cruithneachta. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh roinnt faisnéise ar fáil le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú tuilleadh. Déanfar athbhreithniú ar na MRLanna le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch; cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart MRLanna a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás.

(5) I gcás vailifeanaláite chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach chuig an gCoimisiún agus na Ballstáit maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[5]. Mhol sé go n-athrófaí an sainmhíniú ar iarmhar le haghaidh táirgí de bhunadh ainmhíoch. Mhol sé go n-ísleofaí MRLanna i gcás oinniún, seallóidí agus ubhthorthaí. I gcás táirgí eile, mhol sé na MRLanna atá ann cheana a ardú nó a choinneáil. Maidir leis an MRL le haghaidh trátaí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh roinnt faisnéise ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú tuilleadh. Déanfar an MRL le haghaidh trátaí a athbhreithniú. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, ba cheart an MRL sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a aithníonn an tÚdarás.

(6) A mhéid a bhaineann le táirgí ar ina leith nach n-údaraítear úsáid an táirge cosanta plandaí agus nach bhfuil aon lamháltas i dtaca le hallmhairiú ná uasteorainneacha

---

3 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels for 8-hydroxyquinoline according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás 8-hiodrocsacuineoilín de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(4):6566.

4 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels for pinoxaden according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás pionocsaideine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(3):6503.

5 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels for valifenalate according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005 [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás vailifeanaláite de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(5):6591.

iarmhar maidir le Codex Alimentarius (CXLanna) ann ina leith, ba cheart MRLanna a leagan síos ag an LOD sonrach nó ag MRL réamhshocraithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(7) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. Maidir leis na substaintí go léir a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(8) Tá na modhnuithe ar MRLanna atá beartaithe leis an Rialachán seo bunaithe ar thuairimí réasúnaithe an Údaráis agus cuirtear san áireamh iontu na tosca a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 atá ábhartha do gach substaint a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(9) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(11) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba chóir go bhforálfaí leis an Rialachán seo maidir le forálacha idirthréimhseacha i gcás táirgí a táirgeadh sula modhnaíodh na MRLanna, táirgí a léiríonn an fhaisnéis ina leith go gcoinníonn siad leibhéal ard cosanta don tomhaltóir.

(12) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leanfaidh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo agus beidh feidhm aige maidir le táirgí a táirgeadh san Aontas nó a allmhairíodh isteach san Aontas roimh [*Oifig na bhFoilseachán*: *cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm*].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*